

# Scrúdú Cainte na hArdteistiméireachta

(AL agus GL)

40%

240/600 marc

## An BEANNÚ: 5 MHARC – 5 CHEIST (nóiméad amháin)

1. Céard is ainm agus céard is sloinne duit?
2. Cén aois tú?
3. Cén seoladh baile atá agat? (dhá phointe eolais ag teastáil)
4. Céard é do dháta breithe?
5. Céard é d'uimhir scrúdaithe?

1. \_\_\_\_\_ is ainm dom.  
\_\_\_\_\_ is sloinne dom.
2. Táim seacht / ocht mbliana déag d'aois.  
(sé bliana déag)
3. (a) Is é \_\_\_\_\_,  
(b) Co. \_\_\_\_\_ an seoladh baile atá agam.
4. Rugadh mé ar an (urú) \_\_\_\_\_ lá de + h (de Mheitheamh) /d' (d'Iúil)  
\_\_\_\_\_ sa bhliain naoi déag nócha \_\_\_\_\_.
5. Is é seo a leanas m'uimhir scrúdaithe: \_\_\_\_\_.

## AN FHILÍOCHT : 35 MARC (dhá nóiméad)

- ✓ Soiléirigh **gach séimhiú agus urú** le peann aibhsithe (highlighter). Tá rithim agus cur i láthair an-tábhachtach.
- ✓ Léann tú dán amháin as cúig.
- ✓ Roghnaíonn an scrúdaitheoir an dán.
- ✓ I gcás cuid de na dánta, *ní gá an dán ar fad a léamh*: Géibheann (an dán go léir); Colscaradh (an dán go léir); *Mo Ghrá-sa (Idir Lúibíní) (trí véarsa ar bith)*; *An tEarrach Thiar (dhá véarsa ar bith)*; *An Spailpín Fánach (dhá véarsa ar bith)*.

## **SRAITH PICTIÚR: 80 MARC (ceithre nóiméad)**

- **Cur síos: 70 marc** (Cumarsáid as 50, Gramadach as 20 marc)
  - **Ceisteanna: 10 marc**  
(Cuirfidh tusa trí cheist ar an scrúdaitheoir, ansin cuirfidh an scrúdaitheoir trí cheist ortsa)
  - Déanann tú cur síos ar shraith pictiúr amháin as fiche. Roghnaíonn an scrúdaitheoir an tsraith. Tabharfar 30 soicind duit chun an tsraith a ullmhú.
- ✓ I gcás go raibh tú as láthair agus nach bhfuair tú ceann nó dhó, tá na SPanna ar fáil ar an suíomh gréasáin [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie).
- ✓ Ba chóir duit cur síos a dhéanamh ar an tsraith ar feadh 3 – 3.5 nóiméad ar an laghad – déan timeáil ort féin.

## **AN COMHRÁ: 120 MARC (idir sé agus ocht nóiméad)**

- Stór Gaeilge as 75
  - Gramadach as 45
- ✓ **Garthimpeallacht agus ciantimpeallacht an dalta.**
- ✓ Aimsir Chaite, Aimsir Láithreach, Aimsir Fháistineach.
- Céard a rinne tú inné/ aréir/ an deireadh seachtaine seo caite?
  - Céard a dhéanann tú gach lá tar éis na scoile / gach deireadh seachtaine / gach samhradh?
  - Céard a dhéanfaidh tú an bhliain seo chugainn /amárach/ anocht / an deireadh seachtaine seo chugainn?
- ✓ **An Modh Coinníollach** taoiseach, crannchur náisiúnta, príomhoide, aire sláinte / Gaeltachta is araile / dá bhfeicfeá timpiste ar an mbóthar / tine?
- ✓ **Teicnící** - Úsáid na frásaí, na seanfhocail agus na nathanna cainte!